
# Ailgéabar: Sloinn agus cothromóidí – Moltaí don timpeallacht foghlama






## SMAOINTE DON SEOMRA RANGA


- Deiseanna a chur ar fáil do pháistí dul i ngleic le sloinn agus cothromóidí trína nascadh lena n-ábhair spéise, m.sh., *sliotar + liathróid rugbaí = 570g, sliotar + liathróid pheile = 620g, liathróid rugbaí + liathróid pheile = 950g – cén meáchan a d'fhéadfadh a bheith ar gach liathróid leis féin, dar leat?*
- A bheith ag tarraingt ar ábhair spéise na bpáistí i do rang, m.sh., *ceap léiriú chun an costas a bhaineann le taisteal chuig Cluiche Ceannais na hÉireann a ríomh, le grúpaí éagsúla daoine fásta/páistí.*
- Ráitis a scrúdú agus a chinneadh má tá siad fíor i gcónaí, fíor uaireanta nó nach bhfuil siad fíor riamh, m.sh., *má ghlacaim fachtóir amháin i gcothromóid iolraithe agus má laghdaím faoi leath é, agus má ghlacaim fachtóir eile agus má mhéadaím faoi dhó é, gheobhaidh mé an táirge céanna a bhí agam roimhe.*
- Ceist a thabhairt do pháistí le smaoineamh uirthi agus í a réiteach, agus tabhair deis 'am ciorcail' chun straitéisí a roinnt, m.sh., *réiteach le haghaidh X sna cothromóidí* $29 + x = 35$, $24 \div x = 6$. Déan iad seo a thaifeadadh ar smeach-chairt lena n-úsáid amach anseo.
- Dúshláin le háireamháin bhriste – cead a thabhairt do pháistí áireamháin a úsáid chun tacú le cothromóidí a réiteach, ach ní mór dóibh a réiteach gan eochracha 'briste' áirithe a úsáid.
- Countdown a imirt chun páistí a spreagadh chun cothromóidí a léiriú go cruinn. Rás i gcoinne an mhúinteora!
- Inneall Feidhme a thógáil agus a mhaisiú trí bhosca agus ábhair ealaíne eile a úsáid. Cead a thabhairt do na páistí an fheidhm ar an inneall a athrú go rialta. A bheith ag tacú le páistí feidhmeanna a chur i bhfeidhm ag baint úsáid as pictiúir chomh maith le huimhreacha agus oibríochtaí, m.sh., *cuir isteach íomhá de theidí bán agus cuir an fheidhm dhearg i bhfeidhm le toradh de theidí dearg a chruthú.*
- Úsáid siombailí agus feidhmeanna/orduithe a chur i bhfeidhm ar thascanna agus ar ghníomhaíochtaí códaithe.





## SMAOINTE LASMUIGH DEN SEOMRA RANGA

- Téigh ar chonair mhata timpeall na scoile, an chlóis nó an cheantair áitiúil agus spreag na páistí chun breathnú ar an méid a thugann siad faoi deara timpeall orthu. Cruthaigh focalfhadhbanna agus sloinn/cothromóidí gaolmhara.
- Bain úsáid as rudaí a fhaightear sa dúlra mar shiombailí i sloinn agus i gcothromóidí, m.sh., *duilleoga, clocha, bataí.*
- Cailc don taobh amuigh agus línte ar an gclós a úsáid mar uimhirlínte folmha chun smaoineamh ar shloinn agus cothromóidí a shamhaltú.
- Úsáid a bhaint as an spás atá ar fáil amuigh faoin aer chun sloinn agus cothromóidí a fhiosrú agus a shamhaltú go fisiciúil, m.sh., *tá 9 n-éan (úsáid teidithe nó cóipeanna as éin) sa ghairdín, tá cuid acu ar an mballa (b) agus tá cuid acu ar an gcrann (c). Fiosraigh gach teaglaim agus is féidir agus déan iad a thaifeadadh. Treoir a thabhairt do pháistí a fháil amach gurb ionann* $9 - b = c$, $9 - c = b$, $b + c = 9$, *agus mar sin de.*
- Úsáid a bhaint as cóin mar rogha eile ar licíní leis an bhfoghlaim a thabhairt amuigh faoin aer, m.sh., *fiosraigh na grúpaí de 10 trí bhreathnú ar gach teaglaim agus líon na gcón a bhfuil a n-aghaidh ag breathnú suas agus síos a mhalartú agus scríobh uimhir-abairtí a léiríonn an méid sin.*







Arna fhorbairt i gcomhar le **Lisa Walsh, Múinteoir Bunscoile, Co. Shligigh**